AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SIOLLABAS DON TEASTAS SÓISEARACH

STAIR

1. RÉAMHRÁ

Ba cheart go dtosódh daoine óga sa tSraith Shóisearach ar a bheith ag dul i dtaithí cheard an staraí agus ar na foinsí agus na teicníochtaí a mbaineann na staraithe leas astu, d'fhonn eolas a chur ar an saol atá imithe. Ba cheart, leis, go bhfaighidís léargas forleathan ar imeachtaí atá thart, ar cheisteanna, ar dhaoine agus ar stíleanna maireachtála, i slí go ráineoidh leo patrúin cosúil le cúis is toradh, athrú agus leanúnachas, a thabhairt faoi deara. Is san am atá thart a thiocfaidh siad ar fhréamhacha shaol na linne seo.

Ceapadh an Siollabas Sóisearach Staire seo, d'fhonn cúram a dhéanamh den saghas seo léinn agus é a chur chun cinn. Tá roinnt rudaí ann atá tábhachtach le haghaidh staidéir ar an stair sna blianta sóisearacha, leagtha amach thíos.

Solúbthacht

Le cabhair an tsiollabais seo is féidir tabhairt faoin stair a mhúineadh i roinnt slite, m.sh. is féidir leas a bhaint as foinsí staire de shaghsanna éagsúla, as anailís agus insint na staire, as staidéir bheathaisnéise, as iniúchadh téamaí agus ceisteanna, as staidéir chomparáideacha agus staidéir speisialta. Ligeann an leagan amach atá ar an ábhar don mhúinteoir aonair, na réimsí is oiriúnaí dá chuid daltaí féin, a roghnú agus ligeann sé don dalta aonair díriú ar staidéir speisialta.

Eagsúlacht Gnéithe

Déanann an siollabas cúram d'iomad gnéithe den am atá caite - gnéithe polaitiúla, sóisialta, cultúrtha, eacnamaíocha agus teicneolaíocha.

Cróineolaíocht

Tá an siollabas leagtha amach de réir dátaí agus é ag síneadh ó aimsir na réamhstaire go dtí an lá atá inniu ann. Ligeann sé, freisin, do na daltaí a dtuiscint ar roinnt áirithe coincheap, idir choincheapa modheolaíochta agus choincheapa substainteacha, a fhorbairt.

Fás

Toisc go bhfuil an siollabas seo leagtha amach do dhaltaí den aoisghrúpa 12-15 téann sé ó chéim go céim ar shlí atá oiriúnach dóibh. Téann sé ón rud atá simplí go dtí an rud atá casta, ón rud atá nithiúil go dtí an rud atá teibí. Tá sé roinnte i dtrí chuid a fhreagraíonn don fhorbairt seo.

Stair na hÉireann

Toisc a thábhachtaí agus atá an t-oideachas don tsaorántacht agus chun tuiscint a fháil ar shaol na linne seo in Éirinn, is í stair na hÉireann atá i gcuid mhaith den siollabas seo. Tá an staidéar seo ar stair na hÉireann á chur i láthair mar chuid dhílis de na téamaí níos leithne atá luaite sa siollabas.

2. AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ

2.1 Aidhmeanna

Tá sé mar aidhm ag an siollabas seo go n-éireodh leis na daltaí:

2.1.1 Eolas a chur ar imeachtaí an duine san am atá thart agus tuiscint a fháil orthu

2.1.2 Tuiscint a fháil ar shaol na linne seo trí staidéar a dhéanamh ar an am atá thart

2.1.3 Tuiscint a fháil ar choincheapa agus a bheith ábalta smaoineamh go neamhspleách

2.1.4 Roinnt áirithe scileanna atá riachtanach chun staidéar a dhéanamh ar an stair, a shaothrú

2.1.5 Spreagadh a fháil chun bheith dearfach ina ndearcadh, i slí, cuir i gcás, go mbeidh siad dílis don oibiachtúlacht agus don cheart agus go nglacfaidh siad leis go gcaithfear breith a thabhairt ar dhaoine agus ar imeachtaí i gcomhthéacs a linne agus de réir na luachanna a bhain leis an linn sin.

2.1.6 Suim agus flosc chun na staire a chothú iontu féin mar aon le tuiscint dá n-oidhreacht

2.2 **Cuspóirí an Chúrsa**

Dlíonn cuspóirí an chúrsa an t-eolas, na coincheapa, na scileanna agus an dearcadh a oireann do staidéar na staire.

2.2.1 **Eolas**

Ba cheart go bhfaigheadh na daltaí <u>eolas</u> faoi na rudaí seo a leanas agus go méadóidis <u>a dtuiscint</u> orthu

(a) Príomhthreochtaí, príomhcheisteanna agus príomhimeachtaí an chúrsa staire a bhfuil staidéar á dhéanamh acu air

(b) An tslí a dtéann leanúnachas imeachtaí, le linn aimsire, i bhfeidhm ar dhaoine aonair agus ar fhorais agus an tslí a dtéann daoine agus forais i bhfeidhm ar imeachtaí

(c) An tslí a bhfuil saol na linne seo múnlaithe ag an tslí a ndeachaidh daoine agus eachtraí

i bhfeidhm ar a chéile san am atá thart

(d) Cineál na bhfoinsí staire agus an leas is féidir a bhaint astu

2.2.2 **Coincheapa**

Ba cheart go bhfaigheadh na daltaí tuiscint ar na coincheapa modheolaíochta agus ar na coincheapa substainteacha atá riachtanach chun staidéar a dhéanamh ar an stair, mar aon leis an gcumas leas a bhaint astu.

(a) **Coincheapa Modheolaíochta**

- Foinse
- Fianaise
- Cróineolaíocht
- Tuairim/fíoras
- Claontacht/oibiachtúlacht
- Bolscaireacht

(b) **Coincheapa Substainteacha**

(i) Ginearálta

- Athrú agus leanúnachas
- Cúis agus iarmhairt
- Comparáid agus contrárthacht
- Coinbhleacht agus réiteach
- Cumhacht agus údarás
- Cultúr agus sibhialtacht

(ii) Sonrach (i.e. sonrach i gcás staidéar a dhéanamh ar ábhair ar leith)

- Baile agus teaghlach
- Obair agus caitheamh aimsire
- Teicneolaíocht
- Trádáil
- Réabhlóid
- Daonlathas
- Cearta daonna

2.2.3 **Scileanna**

Ba cheart go bhfoghlaimeodh na daltaí na scileanna atá riachtanach chun taighde a dhéanamh ar an stair agus chun í a scríobh. Ba cheart go bhfoghlaimeoidis conas:

(a) Eolas ar an stair a aimsiú i bhfoinsí éagsúla, e.g.
- Príomhfhoinsí agus fo-fhoinsí scríofa
- Staitisticí
- Ábhar pictiúrtha
- Lámhdhéantúsáin, foirgnimh, lonnaíochtaí agus foinsí tábhachtacha eile
- Eolas ó bhéal

(b) Eolas cuí a roghnú d'fhonn ceisteanna staire a fhreagairt

(c) An t-eolas seo a thaifeadadh, e.g. trí nótaí a thógáil, aicmiú, coimriú etc.

(d) An t-eolas seo a léiriniúchadh e.g. aithint idir fíoras agus tuairim, easpaí cosúil le bearnaí, neamhsheasamhachtaí agus claontacht a thabhairt faoi deara

(e) Sintéisiú e.g. eolas a chur le chéile agus é leanúnach de réir loighce, snáith argóna a thuiscint, mínithe a mholadh

(f) Eolas a chur in iúl agus a chur i láthair i slite éagsúla e.g. trí scríobh, le léaráidí agus ó bhéal

2.2.4 **Dearcadh**

Ba cheart go mbeadh múineadh/foghlaim na Staire faoi réir ag luachanna modheolaíochta an staraí tríd an gcúrsa ar fad. Ba cheart mar sin go saothródh na daltaí an aigne a chinnteodh go mbeidís:

(a) Críochnúil agus iad ag bailiú eolais ar an stair agus cruinn á thaifeadadh

(b) Sásta glacadh leis go gcaithfear daoine aonair agus imeachtaí a thuiscint ina gcomhthéacs staire

(c) Sásta a chinntiú go mbeidh insint na staire ag teacht leis an bhfianaise, ach sásta, mar sin féin, glacadh leis go bhféadfaí níos mó ná tuiscint dhlisteanach amháin a bhaint as an bhfianaise atá ar fáil

(d) Ábalta a thuiscint go bhfuil eolas na staire éideimhin agus easnamhach agus go bhféadfaí é a aithbhreithniú nó nuathuiscint a bhaint as nuair a thagtar ar fhianaise nua agus/nó ar léargas nua

3. **COMHDHÉANAMH AN tSIOLLABAIS**

3.1 **Creatlach**

Tá an siollabas roinnte i dtrí roinn.

Roinn 1 **<u>An tslí a gcuirimíd eolas ar an am atá thart</u>**

- **Réamhrá**
- **Na fréamhacha atá againn sa tsibhialtacht ársa**
- **An caisleán, an eaglais agus an chathair**
- **An Athbheochan**

Roinn 2 <u>Staidéar ar athruithe</u>

- Taiscéalaíocht
- An Reifirméisean
- Plandáil in Éirinn
- Gluaiseachtaí Réabhlóideacha
- Ón bhfeirm go dtí an mhonarcha

Roinn 3 <u>Tuiscint ar an saol atá anois ann</u>

Imeachtaí polaitíochta in Eirinn i ndeireadh an 19ú haois agus san 20ú haois

Athruithe sóisialta san 20ú haois.
Caidreamh idirnáisiúnta san 20ú haois

3.2 **Leibhéil**

Is féidir staidéar a dhéanamh ar an Siollabas seo ar dhá leibhéal, an Gnáthleibhéal agus an tArdleibhéal. Tá an creatlach atá leagtha amach thuas sa dá leibhéal. Cuirtear riachtanais dhifriúla an Ghnáthleibhéil agus an Ardleibhéil laistigh den chreatlach seo in iúl i bhfonótaí atá ag dul leis an gcuntas cúrsa seo thíos.

3.3 **Cuntas cúrsa**

Sa chuntas cúrsa seo a leanas, cuirtear an Siollabas i láthair i bhfoirm tábla ina bhfuil trí cholún.

Colún 1 Liostaí de na topaicí atá i ngach roinn.

Colún 2 Cuntas ar gach topaic agus an comhthéacs ina ndéantar staidéar air.

Colún 3 Taispeántar an cur chuige a mholtar chun gach aon ábhar a mhúineadh.

Roinn 1: An tslí a fhaighimíd amach faoin am atá thart

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
Réambrá	Staidéar . Ar ghnó an staraí	Modhanna oibre an staraí á gcur in iúl go ginearálta. (Cuirfear tuilleadh samplaí ar fáil i rith an chúrsa). Iniúchadh ar chineálacha difriúla foinsí agus fianaise.
Ár bhfréamhacha sna sibhialtachtaí a bhí ann fadó	Staidéar orthu seo a leanas: . Tithe, bia, agus saol an teaghlaigh . Obair, alaín, eirdeanna, uirlisí . Nósanna adhlactha in Éirinn i ré na Réamh-Chríostaíochta agus na Luath-Chríostaíochta agus i sibhialtacht ársa amháin	Staidéar bunaithe ar a fhianaise seandálaíochta
Caisleán, eaglais agus cathair	Staidéar orthu seo a leanas: . An tSochaí Mheánaoiseach . Cathair agus mainéar na meánaoise . Caisleán na meánaoise . Ministir agus paróiste na meanaoise	Staidéar bunaithe ar fhoirgnimh, ar lonnaíochtaí agus ar fhoinsí nithiúla eile

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
	Is féidir leas a bhaint as samplaí áitiúla, náisiúnta agus Eorpacha, de réir mar a oireann.	
An Athbheochan	Staidéar orthu seo leanas . Ealaín . Ailtireacht . Clódóireacht agus léann i dtíortha éagsúla ar fud na hEorpa	Staidéar bunaithe ar fhoinsí pictiúrtha agus ar bheathaisnéis

Roinn II: Staidéar ar athruithe*

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
Athruithe i ndearcadh na nEorpach ar an domhan:	Staidéar ginearálta ar na hábhair seo a leanas: . An chúis a raibh bealaí nua farraige ag teastáil ó dhaoine . An tslí ar tharla sé go rabhthas in ann dul ar na turais farraige . Príomhthorthaí na dturas sin	Iniúchadh ar chineálacha difriúla athruithe trí - thuiscint ar chúis agus ar éifeacht - úsáid foinsí oiriúnacha doiciméadacha - staidéir speisialta
Taiscéaladh	**Staidéar Speisialta: cuntas ar thuras taiscéalaíochta <u>amháin</u>**	
Athruithe Creidimh:	Staidéar ginearálta ar na hábhair seo a leanas: . Na cúiseanna ar tharla an Reifirméisean . An tslí ar thug daoine difriúla faoi leasuithe a chur i gcrích . Príomhiarmhairtí an Reifirméisin	
An Reifirméisean	**Staidéar Speisialta: Beatha leasaitheora <u>amháin</u> agus an tionchar a bhí aige**	

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
Athruithe ar úinéireacht talún:	**Staidéar Ginearálta ar na hábhair seo leanas:** . Na cúiseanna a ndeachaigh úinéireacht an talaimh ó dhuine go duine . Na slite a ndeachaigh úinéireacht an talaimh ó dhuine go duine . Príomhiarmhairtí, láithreacha agus fad-tréimhseacha, an athraithe a tháinig ar úinéireacht an talaimh e.g., ó thaobh polaitíochta, cultúir, reiligiúin.	Iniúchadh ar chineálacha difriúla athruithe trí - thuiscint ar chúis agus ar éifeacht - úsáid foinsí oiriúnacha doiciméadacha - staidéir speisialta
Plandáil in Éirinn	**Staidéar Speisialta: Plandáil <u>amháin</u> in Éirinn**	
Athrú Polaitiúil:	Staidéar ginearálta orthu seo a leanas: . Cúlra: údair mhíshásaimh i Meiriceá, sa bhFrainc agus in Éirinn roimh an réamhlóid . Gluaiseachtaí réabhlóideacha i Meiriceá, sa bhFrainc agus in Éirinn, déanach san 18ú haois agus luath san 19ú haois . Iarmhairtí na réabhlóidí seo	

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
Gluaiseachtaí réabhlóideacha	**Staidéar Speisialta: Beatha réabhlóidí amháin i Meiriceá, sa bhFrainc agus in Éirinn**	
Athrú Sóisialta:	Staidéar ginearálta orthu seo a leanas: . Cúlra: an tsochaí talmhaíochta san 18ú haois . Nithe a réitigh an tslí don réabhlóid talmhaíochta agus don réabhlóid tionsclaíochta . Éifeacht na n-athruithe i gcúrsaí tionsclaíochta agus talmhaíochta ar shaol na ndaoine (e.g., coinníollacha maireachtála agus oibre, imirce, eisimirce, etc.)	Iniúchadh ar chineálacha difriúla athruithe trí - thuiscint ar chúis agus ar éifeacht - úsáid foinsí oiriúnacha doiciméadacha - staidéir speisialta
Ón bhfeirm go dtí an mhonarcha	**Staidéar Speisialta orthu seo a leanas: modhanna beatha a bhí éagsúil le chéile c. 1850** **- Ceantair thionsclaíochta Shasana** **- Ceantair thuaithe na hÉireann**	

*Is féidir leis na daltaí atá ag déanamh staidéir ar an siollabas seo ar an nGnáthleibhéal díriú ar na Staidéir Speisialta atá le feiscint i gcló trom, i gcolún 2 thuas.

*Beifear ag súil leis go ndéanfaidh na daltaí atá ag déanamh staidéir ar an siollabas ar an Ardleibhéal iniúchadh sa bhreis air sin, ar ghnéithe níos ginearálta de gach ábhar, de réir mar a cuireadh in iúl thuas.

Roinn III: Tuiscint ar shaol na linne seo*

Topaic	Tuairisc	Cur chuige
Imeachtaí polaitíochta in Éirinn i ndeireadh an 19ú haois agus le linn an 20ú haois	Léargas ginearálta ar na príomhimeachtaí polaitíochta a chuaigh i bhfeidhm ar shaol na linne seo in Éirinn	Léargas ginearálta de réir dátaí
Athruithe sóisialta le linn an 20ú haois	. Athruithe ar stíleanna maireachtála in Éirinn ó c 1900 amach (staidéar ar athruithe sa cheantar áitiúil nó staidéar náisiúnta). . Athruithe ar stíleanna maireacahtála i sochaithe atá éagsúil le chéile (S.A.M. nó A.P.S.S.)	Anailís a dhéanamh ar athruithe sóisialta i gcomhthéacsanna difriúla
Caidreamh idirnáisiúnta le linn an 20ú haois	. 1920-1945: Síocháin agus cogadh san Eoraip . 1945-inniu: Teacht chun cinn na Sárchumhachtaí nó Iarrachtaí chun an Eoraip a aontú nó Náisiúnachas san Afraic agus san Áise	Staidéar ar údair choinbhleachtaí agus ar straitéisí chun iad a réiteach

*Déanfaidh na daltaí atá ag déanamh staidéir ar an siollabas seo ar an nGnáthleibhéal staidéar ar dhá cheann de na topaicí thuas mar seo a leanas:

Imeachtaí polaitíochta in Éirinn
agus
Caidreamh idirnáisiúnta le linn an 20ú haois

nó

Athruithe sóisialta le linn an 20ú haois
agus
Caidreamh idirnáisiúnta le linn an 20ú haois

*Déanfaidh na daltaí atá ag déanamh staidéir ar an siollabas seo ar an Ardleibhéal staidéar ar gach ceann de na trí thopaic thuas.

4. **MEASÚNÚ**

4.1 Cuspóirí measúnaithe

Tástálfar sa mheasúnú cumas na n-iarrthóirí iontu seo a leanas:

4.1.1 <u>Eolas agus tuiscint ar</u>:

- na príomhthreochtaí, na príomhcheisteanna agus na príomhimeachtaí atá sonraithe san siollabas

- an tionchar a bhí ag daoine aonair agus forais le linn na dtréimhsí atá sonraithe agus an tslí a ndeachaigh daoine agus forais i bhfeidhm ar a chéile

- cineál agus úsáid foinsí staire

- na coincheapa modheolaíochta atá luaite san siollabas

- na coincheapa substainteacha, idir ghinearálta agus shonracha, atá luaite san siollabas

4.1.2 <u>A bheith ábalta</u>

- eolas staire a bhaineann lena bhfuil luaite thuas a thabhairt chun cuimhne ina shuíomh ceart ama

- téarmaí staire a úsáid

- leas a bhaint as eolas ó fhoinsí éagsúla agus ciall a bhaint as; ar na foinsí sin bíodh:
  - bunfhoinsí agus fo-fhoinsí scríofa
  - staitisticí
  - ábhar pictiúrtha

- lámhdhéantúsáin, foirgnimh, lonnaíochtaí agus foinsí tábhachtacha eile
- eolas ó bhéal

. an t-eolas cuí a roghnú chun ceisteanna staire a fhreagairt

. léiriniúchadh a dhéanamh ar eolas staire, e.g. idirdhealú a dhéanamh idir fíorais agus tuairimí, easpaí cosúil le bearnaí, neamhsheasmhachtaí agus claontacht a thabhairt faoi deara

. sintéisiú eolais, e.g. é a chur le chéile de réir oird loighciúil, snáith argóna a thuiscint, mínithe a mholadh

. eolas agus tuairimí a chur i láthair agus a chur in iúl i roinnt slite éagsúla ar a mbeidh scríobh, úsáid léaráidí agus tuairisciú ó bhéal

. leas a bhaint as a dtuiscint ar choincheapa agus ar mhodhanna na staire agus iad ag plé le ceisteanna staire.

4.2 **Measúnú ar dhá leibhéal**

Déanfar an siollabas seo a mheasúnú ar dhá leibhéal -Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal.

4.3 **Modhanna Measúnaithe**

Scrúdú scríofa ceannchúrsa a bheidh sa mheasúnú. Is féidir socruithe a dhéanamh do na scoileanna sin a mbeidh a leithéid uathu, go mbeidh cuid den mheasúnú scoilbhunaithe.